Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Nollaig 2023
(OR. en)

16683/23
ADD 1

LIMITE

CORLX 1125
CFSP/PESC 1676
CONOP 137
CONUN 311
COARM 328

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC) don tréimhse 2024-2027 - Iarscríbhinn |

# IARSCRÍBHINN

## Tionscadal mar thaca leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC) don tréimhse 2024-2027

### 1. CÚLRA AGUS RÉASÚNAÍOCHT

Is gné lárnach é an Coinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (BTWC) de na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an bpobal idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar leathadh arm ollscriosta.

Tá 185 Stát is Páirtí in BTWC i láthair na huaire agus ceithre Stát Shínithe. Tá ocht Stát ann nár shínigh an Coinbhinsiún ná nár aontaigh dó. Chun gnás láidir domhanda a bhunú agus a chaomhnú i gcoinne airm bhitheolaíocha a bheith á n-úsáid chun díobháil a dhéanamh do dhaoine, ainmhithe nó plandaí nó chun iad a mharú, tá sé tábhachtach go mbeadh a oiread Stát agus is féidir páirteach sa Choinbhinsiún. Is minic a iarrann Stáit tacaíocht dhlíthiúil agus theicniúil ar Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme (ISU) BTWC agus iad ag dul isteach sa Choinbhinsiún.

Cé go bhfuiltear ag cloí ar bhonn uilechoiteann, beagnach, le BTWC, tá éagsúlacht mhór ann maidir lena mhéid a chuirtear an Coinbhinsiún chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Iarrann na Stáit is Páirtithe in BTWC, ar minic ar tíortha iad atá i mbéal forbartha cúnamh sonrach teicniúil agus dlíthiúil go minic ar ar an Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme.

Sáraíonn na hiarrataí ar chúnamh le haghaidh tacaíocht uiliúcháin agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta araon a dhéantar le hAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC na hacmhainneachtaí atá aige agus na cistí atá ar fáil chun cúnamh a sholáthar.

Ar na cúiseanna sin agus chun gnéithe éagsúla de Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta a chur i bhfeidhm láithreach agus ar bhonn praiticiúil, fónfaidh an tionscadal seo mar uirlis beartais oibríochtúil chun an Coinbhinsiún a neartú a thuilleadh trí thacú lena uiliú agus lena chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Cuirfidh an tionscadal le cur chun feidhme rathúil Ghníomhaíochtaí Comhpháirteacha CBES/2006/184 agus CBES/2008/858 agus Chinntí CBES/2012/421, CBES/2016/51, CBES/2019/97 agus CBES/2021/2072 ón gComhairle.

Leis an tionscadal, déanfar an obair leantach is gá agus cuirfear an teannadh is gá leis na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcaitheamh 2019-2024 faoi chuimsiú Chinneadh CBES/2019/97 ón gComhairle mar thaca le BTWC. Áiritheoidh sé freisin inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí sin, feabhsóidh sé cur chun feidhme thorthaí an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin a tionóladh sa Ghinéiv ón 28 Samhain go dtí an 16 Nollaig 2022 agus tacóidh sé leis an gclár idirsheisiúnach do 2023 – 2026, mar a comhaontaíodh ag an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin. Beidh ról ríthábhachtach ag an tionscadal freisin mar a bhféachfaidh sé le breis cuimsitheachta agus ilghnéitheachta, i measc nithe eile, a thabhairt chuig plé BTWC trí pheirspictíochtaí na n-ógánach a chomhtháthú níos mó ann.

Cuirfear an tionscadal chun feidhme in 2024 i gcomhthráth le Cinneadh CBES/2021/2072 ón gComhairle (Nollaig 2021 — Nollaig 2024) atá i bhfeidhm faoi láthair, gan aon dúbláil ar ghníomhaíochtaí ach an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na sineirgí a d'fhéadfadh a bheith idir an dá Chinneadh.

Is ar na prionsabail seo a leanas a bheidh an tionscadal bunaithe:

(a) Agus an leas is fearr is féidir á bhaint as an taithí a fuarthas as Gníomhaíochtaí Comhpháirteacha CBES/2006/184 agus CBES/2008/858 agus as Cinntí CBES/2012/421, CBES/2016/51, CBES/2019/97 agus CBES/2021/2072 ón gComhairle;

(b) Cúnamh a thabhairt do Stáit is Páirtithe agus do Stáit nach páirtithe iad in BTWC bunaithe ar a riachtanais shonracha agus arna iarraidh sin dóibh i ndáil le cur chun feidhme agus uiliú neartaithe BTWC;

(c) Úinéireacht áitiúil agus réigiúnach ar na tionscadail a spreagadh, chun a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a áirithiú agus comhpháirtíocht a fhorbairt idir an tAontas Eorpach agus tríú páirtithe faoi chuimsiú BTWC;

(d) Díriú ar thorthaí an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin a tionóladh sa Ghinéiv ón 28 Samhain go dtí an 16 Nollaig 2022 agus tacú leis an gclár nua idirsheisiúnach;

(e) Tacú le Cathaoirligh chruinnithe BTWC agus an leas is fearr is féidir a bhaint as sainordú an Aonaid Tacaíochta Cur Chun Feidhme;

(f) Rannchuidiú leis na cuspóirí a bhaint amach i réimse na síochána, na slándála agus na sláinte trí BTWC a bheith á chur chun feidhme go héifeachtach ag na Stáit is Páirtithe trína uiliú.

## 2. AN CUSPÓIR FORIOMLÁN

Is é is aidhm don tionscadal seo feabhas a chur ar an tslándáil náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcoinne na bagartha ó airm bhitheolaíocha trí bhallraíocht in BTWC a mhéadú ar fud an domhain, cumas na Stát is Páirtithe a neartú chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme go héifeachtach agus feasacht a mhúscailt i measc eagraíochtaí neamhrialtasacha, na sochaí sibhialta agus na bpobal eolaíochta agus teicneolaíochta maidir lena thábhachtaí atá an Coinbhinsiún.

## 3. CUSPÓIRÍ SONRACHA

Táthar ag súil go mbeidh mar thoradh ar an tionscadal seo:

a) go mbeifear ag cloí ar bhonn uilechoiteann le BTWC ach ugach a thabhairt do na Stáit nach páirtithe iad tuiscint níos fearr a fháil ar na buntáistí a bhaineann le dul isteach in BTWC agus a bheith níos gníomhaí i gcruinnithe BTWC agus i ngníomhaíochtaí eile;



PUBLIC

b) go ndéanfar acmhainneachtaí náisiúnta a fhorbairt chun BTWC a chur chun feidhme i dtíortha atá i mbéal forbartha lena áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún chun feidhme go héifeachtach, agus go ndéanfar líonraí gníomhacha comhair a bhunú freisin le contrapháirtithe náisiúnta, saineolaithe agus institiúidí náisiúnta a bheidh in ann cúnamh ábhartha ardcháilíochta a thabhairt;
c) go gcuirfear deiseanna forbartha cumais ar fáil d'ógánaigh ceaptha beartas, d'eolaithe óga agus d'acadóirí óga ón Domhan Theas atá gníomhach i réimsí a bhaineann le BTWC, go mbeidh uchtach ann líonraí gairmithe óga a fhorbairt agus leas a bhaint as ábhair oiliúna arna bhforbairt ag an Aontas Eorpach;
d) go dtacófar leis an gclár idirsheisiúnach ó 2024 go 2026;
e) go gcumasófar uirlisí le haghaidh múscailt feasachta, oideachais agus rannpháirtíochta.

PUBLIC

## 4. ASCHUIR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCHASACHA

Tacóidh an tAontas leis na gníomhaíochtaí seo a leanas a chomhfhreagraíonn do bhearta atá i Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh Arm Ollscriosta:

**Gníomhaíocht 1 - Tacú le huiliú BTWC**

4.1.1. Cuspóir na Gníomhaíochta

Tá 185 Stát is Páirtí in BTWC i láthair na huaire agus ceithre Stát Shínithe (an Éigipt, Háítí, an tSomáil, Poblacht Arabach na Siria). Tá ocht Stát ann nár shínigh an Coinbhinsiún ná nár aontaigh dó (Sead, Oileáin Chomóra, Djibouti, an Eiritré, Iosrael, Ciribeas, an Mhicrinéis (Stáit Chónaidhme) agus Túvalú). Is é is aidhm d'uiliú BTWC ballraíocht an Choinbhinsiúin a leathnú lena áirithiú go mbeidh an oiread is féidir Stát is Páirtithe ann. Is tosaíocht ag na Stáit is Páirtithe in BTWC é le fada an lá uiliú iomlán an Choinbhinsiúin a bhaint amach. Chun gnás láidir domhanda a bhunú agus a chaomhnú i gcoinne airm bhitheolaíocha a bheith á n-úsáid chun díobháil a dhéanamh do dhaoine, ainmhithe nó plandaí nó chun iad a mharú, tá sé tábhachtach go mbeadh a oiread Stát agus is féidir páirteach sa Choinbhinsiún. Bhí tionchar cinniúnach ag iarrachtaí uiliúcháin straitéiseacha agus pearsantaithe in aontachais leis an gCoinbhinsiún le déanaí agus in aontachais atá ar tí tarlú.

PUBLIC

Cuirfidh an ghníomhaíocht seo leis na gníomhaíochtaí agus leis an méid atá bainte amach faoi Thionscadal 1 de Chinneadh CBES/2019/97 ón gComhairle i ndáil le huiliú BTWC a chur chun cinn. Is é an phríomhaidhm a bheidh ann dlús a chur lena bhfuil ar bun faoi láthair agus leis an méid a tionscnaíodh leis na Cinntí roimhe seo ón gComhairle.

4.1.2 Cur síos ar an nGníomhaíocht

Beidh d'aidhm ag an ngníomhaíocht seo feabhas a chur ar an tionchar a bhí ag na gníomhaíochtaí a rinneadh faoi Chinntí roimhe seo ón gComhairle agus an obair leantach is gá a áirithiú chun tíortha a spreagadh chun BTWC a dhaingniú nó chun aontú dó. Tairgfear an obair leantach threisithe sin do dhá Stát ar a mhéad, bídís ina sínitheoirí nó ina Stáit neamhshínitheacha le BTWC, ar stáit iad a léiríonn dul chun cinn suntasach maidir lena bpróisis daingniúcháin nó aontachais. Le cuairteanna saincheaptha ar an nGinéiv agus cuairteanna leantacha ina dhiaidh sin, tabharfar aghaidh ar iarrataí sonracha ar chúnamh, lena n-áirítear feasacht faoin gCoinbhinsiún a mhúscailt ar an leibhéal náisiúnta agus tacaíocht tosaigh dhlíthiúil agus theicniúil a chur ar fáil chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme. Beidh páirtithe leasmhara seachtracha rannpháirteach sna cuairteanna freisin.

4.1.3 A bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar an nGníomhaíocht

1. Faigheann údaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara i Stáit nach páirtithe iad in BTWC, lena n-áirítear parlaiminteoirí, oifigigh rialtais agus lucht na sochaí sibhialta tuiscint fheabhsaithe ar na tairbhí a bhaineann le dul isteach in BTWC;

2. Cuireann líon méadaithe Stát nach páirtithe in BTWC iad in iúl go bhfuil siad tiomanta dul isteach in BTWC, tosú ar dhul i mbun gníomhaíochtaí agus cruinnithe agus céimeanna a thabhairt i dtreo aontachais/daingniú.

PUBLIC

**Gníomhaíocht 2 – Fothú Acmhainneachta chun tacú le cur chun feidhme náisiúnta BTWC**

4.2.1. Cuspóir na Gníomhaíochta

Le hAirteagal IV de BTWC, ceanglaítear ar na Stáit is Páirtithe gach beart is gá a dhéanamh chun an Coinbhinsiún a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Mar sin féin, tá leibhéil éagsúla cur chun feidhme náisiúnta le sonrú i measc na Stát is Páirtithe. Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo cúnamh teicniúil agus dlíthiúil sonrach a chur ar fáil do na Stáit is Páirtithe a iarrann fothú acmhainneachta mar sin.

4.2.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Díreofar an tionscadal seo ar na tionscnaimh a seoladh faoi Chinneadh 2019/97/CBES ón gComhairle a chur chun cinn faoi chuimsiú a Chláir Cúnaimh Shínte agus a Chláir Náisiúnta Ullmhachta. Déanfar grinnfhaireachán ar phléití agus ar mholtaí féideartha ón Meitheal um Neartú BTWC, a bunaíodh ag an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin, maidir le cur chun feidhme náisiúnta agus déanfar iad a chomhtháthú i gcur chun feidhme an tionscadail dá réir.

Cuirfear na cineálacha gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta seo a leanas ar fáil do na Stáit is Páirtithe a iarrann cúnamh mar sin ó Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC trí chur chuige modúlach, i.e. bunaithe ar riachtanais shonracha cúnaimh na Stát faoi seach:

- Múscailt feasachta náisiúnta ar BTWC / buntreoir maidir le BTWC;
- Cúnamh reachtach;
- Oiliúint maidir le tuarascálacha náisiúnta ar Bhearta Tógála Muiníne (CBM) a ullmhú agus a thíolacadh;
- Feasacht a mhúscailt faoi BTWC d’eolaithe óga agus do mhic léinn ollscoile;

- Fardail náisiúnta pataiginí contúirteacha a fhorbairt;
- Tacú le forbairt na n-iarrataí ar chúnamh faoi Airteagal X le haghaidh gach iarraidh eile ar chúnamh.

Cuirfear na gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta thuas ar fáil do na Stáit is Páirtithe a iarrann cúnamh mar sin go leanúnach le linn thréimhse an tionscadail agus laistigh de na teorainneacha buiséid a thugtar. Is ar an láthair a dhéanfar na gníomhaíochtaí cúnaimh más féidir, agus úsáidfear formáidí ar líne nuair a mheastar iad a bheith níos fabhraí (e.g. le haghaidh na n-imeachtaí don aos óg). Beidh trí Lárionad Réigiúnacha de chuid UNODA rannpháirteach in eagrú na n-imeachtaí fothaithe acmhainneachta de réir mar is infheidhme.

I gcás ina measfaidh Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC/UNODA go dtéann na hiarrataí ar chúnamh ó Stáit thar na gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta thuas, tabharfar cúnamh do na Stáit chun iarrataí ar chúnamh faoi Airteagal X a fhorbairt agus éascófar an mheaitseáil le soláthraithe cúnaimh sheachtraigh eile i gcomhar le hAonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme BTWC.

Faoin ngníomhaíocht sin, rachaidh UNODA i gcomhpháirt le Ballstáit an Aontais, le saineolaithe agus le hinstitiúidí náisiúnta atá in ann cúnamh ábhartha ardcháilíochta a chur ar fáil. Maidir le fardail náisiúnta pataiginí contúirteacha a fhorbairt, leanfaidh UNODA de bheith i gcomhpháirt le hInstitiúid Náisiúnta na hÍsiltíre um Shláinte Phoiblí agus um an gComhshaol (RIVM) chun cabhrú le Stát amháin ar a laghad is Páirtí in aghaidh na bliana san iarracht sin. Úsáidfear cistí freisin chun uasghrádú a dhéanamh ar na bogearraí reatha a úsáidtear chun fardail náisiúnta pataiginí contúirteacha a bhainistiú agus chun iad a aistriú le go mbeidh siad ar fáil do níos mó Stát is Páirtithe. Leanfaidh UNODA freisin de bheith ina chomhpháirtí le UNICRI, le hIonaid Barr Feabhais CBRN an Aontais maidir le Maolú Rioscaí agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus meithleacha machnaimh, de réir mar is infheidhme. Spreagfaidh an tionscadal na Stáit is Páirtithe freisin chun cruthú líonraí a chothú ina réigiúin nó ina bhforéigiúin nuair is féidir. Dá bhrí sin, agus é ag brath ar iarrataí sonracha na Stát leasmhar ar chúnamh, d'fhéadfaí formáidí réigiúnacha le haghaidh gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a bheartú freisin.

Faoin ngníomhaíocht sin freisin, tabharfar faoi athbhreithniú piaraí amháin chun an tacaíocht don choincheap sin a leathnú a thuilleadh. Cuirfidh an cleachtadh leis na cleachtaí a rinneadh sa Fhrainc in 2013, a rinne tíortha BENELUX in 2015, Maracó in 2017 agus Poblacht na Cirgise in 2022.

4.2.3. A bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar an nGníomhaíocht

1. Neartaíonn na Stáit is Páirtithe BTWC a n-acmhainneacht náisiúnta BTWC a chur chun feidhme trí chúnamh tiomnaithe a sholáthar maidir le réimsí riachtanais sainaitheanta, comhordú agus líonrú a threisiú leis na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le próiseas BTWC agus feabhas a chur ar a gcuid aighneachtaí BTWC, mar shampla, CBManna;

2. Feabhsaíonn Stáit is Páirtithe BTWC a ndeiseanna comhair agus cúnaimh, a leibhéil muiníne, agus a líonraí BTWC trí mhalartuithe agus trí phlé a dhéantar faoi chuimsiú cleachtaí athbhreithnithe piaraí;

3. Feabhsaítear cumas na Stát roghnaithe is Páirtithe BTWC ionsaí arm bitheolaíoch a chosc agus freagairt air.

**Gníomhaíocht 3 – An Óige ar son na Bithshlándála**

4.3.1 Cuspóir na Gníomhaíochta

Cuirfidh an ghníomhaíocht seo leis na gníomhaíochtaí agus leis an méid atá bainte amach faoi Thionscadal 3 de Chinneadh CBES/2019/97 ón gComhairle. Tríd an tionscnamh 'An Óige ar son na Bithshlándála', cruthaíodh spás nua nuálach le haghaidh dearcthaí glúine nua gairmithe bithshlándála agus tá giaráil déanta ar shaineolas na hóige. Cruthaíodh líonra de bhreis agus 100 eolaí cumasach ón Domhan Theas, rud a chruthaigh pobal saineolaithe óga atá rannpháirteach go gníomhach i bpléití BTWC. Is é is aidhm don Ghníomhaíocht leanúint de dheiseanna forbartha acmhainneachta a chur ar fáil d'ógánaigh ceaptha beartas, d'eolaithe óga agus d'acadóirí óga ón Domhan Theas atá ag obair i réimsí a bhaineann le BTWC.

PUBLIC

4.3.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Chuige sin, eagrófar cláir chomhaltachta 3 bliana san iomlán ina mbeidh 20 rannpháirtí an ceann agus mír ullmhúcháin ar líne chomh maith le cuairt aon seachtaine amháin ar an nGinéiv. Is é is aidhm don chomhaltacht daoine óga ón Domhan Theas a thabhairt le chéile chun go bhfeicfidh siad mar a dhéantar caibidlíocht iltaobhach faoi chuimsiú BTWC, agus chun go mbeidh siad in ann teagmháil a dhéanamh le taidhleoirí agus saineolaithe. Cuirfear béim ar leith ar rannpháirtíocht na mban óg ón Domhan Theas a spreagadh, dá bhrí sin, agus ní bheidh ceann de na trí chlár comhaltachta ar oscailt ach d'eolaithe mná.

Cuirfidh an ghníomhaíocht le tionscnaimh rathúla, mar shampla, an tAos Óg ar son na Dí-armála de chuid UNODA, tógfar orthu agus áiritheofar leanúnachas na n-iarrachtaí atá déanta cheana.

4.3.3 A bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar an nGníomhaíocht:

1. Rannpháirtíocht mhéadaithe na hóige ón Domhan Theas, lena n-áirítear mná óga, i bpróiseas BTWC, go háirithe i gcruinnithe agus in imeachtaí a bhaineann leis an mbithshlándáil agus líonra láidir d'eolaithe óga an Domhain Theas a bhunú.

**Gníomhaíocht 4 – Tacaíocht do chlár idirsheisiúnach BTWC**

4.4.1. Cuspóir na Gníomhaíochta

Tacaíonn Clár Urraíochta BTWC le Stáit atá i mbéal forbartha a n-ionadaithe a chur chuig cruinnithe oifigiúla BTWC sa Ghinéiv. Áirítear ar na cruinnithe sin an Chomhdháil Athbhreithniúcháin, a bhíonn ar siúl gach 5 bliana, chomh maith le cruinnithe a tharlaíonn sa tréimhse idirsheisiúnach idir na Comhdhálacha Athbhreithniúcháin. Bunaíodh an Clár Urraíochta ag an Seachtú Comhdháil Athbhreithniúcháin (2011) agus rinneadh é a athnuachan ina dhiaidh sin ag an Ochtú Comhdháil Athbhreithniúcháin (2016) agus le déanaí ag an Naoú Comhdháil Athbhreithniúcháin (2022). Maoinítear an Clár Urraíochta le ranníocaíochtaí deonacha ó na Stáit is Páirtithe.

4.4.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Tacóidh an ghníomhaíocht sin leis an gclár urraíochta lena gcuirfear ar chumas saineolaithe ó thíortha i mbéal forbartha páirt a ghlacadh i gcruinnithe idirsheisiúnacha BTWC sa Ghinéiv. Úsáidfear an clár urraíochta freisin chun oifigigh ó Stáit nach bhfuil ina bpáirtithe go fóill sa Choinbhinsiún a thabhairt chuig cruinnithe BTWC sa Ghinéiv chun go mbeidh siad in ann eolas a chur ar chruinnithe oifigiúla BTWC.

PUBLIC

4.4.3. A bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar an nGníomhaíocht

1. Beidh comhthuiscint ann ar na leibhéil réigiúnacha/foréigiúnacha ar chuspóirí chlár idirsheisiúnach BTWC ó 2024 go 2026 agus feabhsaítear leibhéal ullmhúcháin na Stát is Páirtithe chun páirt a ghlacadh sa Deichiú Comhdháil Athbhreithnithe in 2027;

2. Faigheann saineolaithe ó Stáit is Páirtithe, atá i mbéal forbartha, in BTWC tuiscint níos fearr ar chlár idirsheisiúnach BTWC agus ar a Chomhdhálacha Athbhreithnithe trína rannpháirtíocht urraithe sna seisiúin sin.

**Gníomhaíocht 5 — Uirlisí cumasúcháin le haghaidh for-rochtana, oideachais agus rannpháirtíochta**

4.5.1 Cuspóir na Gníomhaíochta

Is é is aidhm don ghníomhaíocht uirlisí, ábhair agus cuir chuige oideachasúla agus múscailte feasachta atá nithiúil agus praiticiúil a tháirgeadh chun tabhairt faoi na gníomhaíochtaí a thuairiscítear sna gníomhaíochtaí thuas agus chun tacú leo agus féachaint chuige go dtarraingítear níos mó aird ar BTWC. Déanfar gach gníomhaíocht i gcomhréir le Straitéis Oideachais Dí-armála UNODA agus cuirfear leis an Straitéis sin.

4.5.2. Cur síos ar an nGníomhaíocht

Go praiticiúil, tá sé beartaithe curaclam cúrsa a chur ar fáil sna sé theanga oifigiúla de chuid na Náisiún Aontaithe do mhic léinn sna heolaíochtaí beatha chun feasacht a mhúscailt maidir le cruthú, éabhlóid agus tábhacht leanúnach BTWC i gcothabháil na síochána agus na slándála. Tabharfar aird ar leith ar ábhair a bhfuil spéis ar leith ag mic léinn iontu, ar nós taighde dé-úsáide ar ábhar imní é agus forbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht atá ábhartha don Choinbhinsiún.

Ar chomóradh 50 bliain theacht i bhfeidhm BTWC in 2025, tá sé beartaithe imeacht ceiliúrtha leathlae a eagrú ag na Náisiúin Aontaithe sa Ghinéiv. Tá sé beartaithe chomh maith foilseachán a mhaoiniú chun an 50 bliain a chomóradh agus é a sheoladh ag an ócáid cheiliúrtha.

Chun teacht ar phobal níos leithne agus iarrachtaí a éascú ar nós uiliú agus cur chun feidhme neartaithe an Choinbhinsiúin, tá sé beartaithe freisin suíomh gréasáin BTWC a aistriú go gach teanga oifigiúil de chuid na Náisiún Aontaithe, toisc nach bhfuil sé ar fáil ach i mBéarla amháin faoi láthair.

4.5.3 A bhfuiltear ag súil leis mar thoradh ar an nGníomhaíocht

1. Déanfar na gníomhaíochtaí thuasluaite a chur chun feidhme go héifeachtach agus is mó an tionchar a bheidh acu a bhuí leis na huirlisí cumasúcháin.

## 5. SOLÁTHAR FOIRNE

Chun an tionscadal seo a chur chun feidhme, beidh gá le foireann leanúnach sa Ghinéiv lena áirithiú go leanfar le cur chun feidhme cuíchóirithe na ngníomhaíochtaí atá ar siúl ó bhí an Cinneadh roimhe seo ón gComhairle ann. Faoi láthair, áirítear ar an bhfoireann atá lonnaithe sa Ghinéiv atá tiomnaithe do chur chun feidhme an Chinnidh seo baill foirne ar leibhéal P3 agus G6, agus cistí á gcur ar fáil ag Ballstát den Aontas go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023 le haghaidh ball foirne ar leibhéal P2.

I bhfianaise raon feidhme na ngníomhaíochtaí atá beartaithe mar a leagtar amach thuas agus chun cur chun feidhme ardcháilíochta agus inbhuanaitheacht na n-iarrachtaí agus na n-idirnasc a d’fhéadfadh a bheith ann le himeachtaí na Meithle a áirithiú, tá sé beartaithe post P2 a chur leis agus poist P3 agus G6 a maoiníodh roimhe seo a choinneáil. Beidh P2 i gceannas go sonrach ar Ghníomhaíocht 3 – An Óige ar son an Tionscnamh um an Bhithshlándáil a chur chun feidhme chomh maith le tacú le cur chun feidhme Ghníomhaíochtaí 1, 2 agus 5.



PUBLIC

## 6. TUAIRISCIÚ

Cuirfidh Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme UNODA/BTWC tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na dtionscadal faoi bhráid an Ardionadaí.

PUBLIC

## 7. ACHAR AMA

Is é 36 mhí fad iomlán measta chur chun feidhme an tionscadail.

## 8. INFHEICTHEACHT AN AONTAIS

Déanfaidh Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme UNODA/BTWC gach beart iomchuí chun a phoibliú gurbh é an tAontas a chistigh na gníomhaíochtaí a rinneadh. Déanfar na bearta sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún agus leis an Lámhleabhar Infheictheachta do Ghníomhaíochtaí Seachtracha an Aontais Eorpaigh arna leagan síos agus arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach. Ar an gcaoi sin, áiritheoidh Aonad Tacaíochta Cur Chun Feidhme UNODA/BTWC infheictheacht rannchuidiú an Aontais le brandáil agus le poiblíocht iomchuí, agus béim á leagan ar ról an Aontais, trédhearcacht a ghníomhaíochtaí á háirithiú, agus feasacht á múscailt ar na cúiseanna leis an gCinneadh seo maille le feasacht ar thacaíocht an Aontais don Chinneadh seo agus ar thorthaí na tacaíochta sin. Beidh bratach an Aontais le feiceáil ar ábhar a tháirgeann na tionscadail i gcomhréir le treoirlínte an Aontais maidir leis an mbratach a úsáid agus a atáirgeadh go cruinn.

## 9. TAIRBHITHE

Is iad na Stáit nach bhfuil ina bpáirtithe in BTWC (na Stáit shínitheacha agus na Stáit neamhshínitheacha araon) tairbhithe Thionscadal 1 le haghaidh gníomhaíochtaí uiliúcháin, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, an saol acadúil agus eagraíochtaí neamhrialtasacha, de réir mar is iomchuí.

Is Stáit is Páirtithe in BTWC tairbhithe Thionscadal 2 i ndáil le gníomhaíochtaí forbartha acmhainneachta, agus aird ar leith á tabhairt ar Stáit a tháinig isteach sa Choinbhinsiún le déanaí.

Is iad ógánaigh ceaptha beartas, eolaithe óga agus acadóirí óga ó Stáit is Páirtithe in BTWC sa Domhan Theas atá i mbun réimsí eolaíochta agus acadúla a bhaineann le BTWC a bheidh ina dtairbhithe de Thionscadal 3.

Is oifigigh ó Stáit is Páirtithe in BTWC a bheidh ina dtairbhithe de Thionscadal 4, go háirithe iad siúd atá ag obair ar shaincheisteanna BTWC, ar nós oifigigh atá ainmnithe mar phointí teagmhála náisiúnta agus saineolaithe náisiúnta eile arna sainaithint ag na Stáit is Páirtithe iad féin.

Is iad tairbhithe Thionscadal 5 iad siúd a tháirgeann na hábhair ábhartha chomh maith leo siúd a bhaineann úsáid astu, e.g. mic léinn agus múinteoirí, oifigigh tionscail agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

PUBLIC